# TIPPERARY HISTORICAL JOURNAL
# 1995

© County Tipperary Historical Society

**www.tipperarylibraries.ie/ths**
society@tipperarylibraries.ie

**ISSN 0791-0655**

# *An Drochshaol: Léirmheas*

## Le Donncha Ó Duibhir

**An Drochshaol: Béaloideas agus Amhráin.** Le Cormac Ó Gráda (Coiscéim, BAC, 1994). 104 leath. £4.00.

Más beag féin an leabhar seo is breá tathacach an abhar. Díríonn Cormac Ó Gráda ar ghnéithe áirithe den bhéaloideas chun léas inhmeánach a chaiteamh ar an nDrochshaol – léargas ná beadh fáil air sa ghnáth-thaifead staire. Sceon agus sceimhle na haimsire sin, braistintí an phobail agus a scéalta rúin, féile agus suarachas, muinín as Dia, táid sin ar chúinsí a dtógtar ceann díobh.

Is éachtach an ransú atá déanta aige ar Chartlann Roinn Bhéaloideas Eireann agus an t-adhmad a bhaineann sé as. Cuirfear muintir Thiobraid Árann suim faoi leith i gcuid dá chuntaisí. "De réir scéil d'éalaigh an Ghráinseach taobh le Cluain Meala níos fearr na 'formhor na tíre'. Insítear ó Sheascain lámh le Carraig na Siúire nach bhfuair éinne bás sa bhaile fearainn sin." Tá amhras ar Ó Gráda faoi scéalta dá shórt mar go mbréagnaíonn na fíoraicí iad.

Caibhail an-mhaith isea "Coimhlint, Tabú agus Aimnéise", bíodh is ná fuil ann ach trí leathanach. Braitheann an t-údar drugall agus mí-fhonn ar dhaoine cur síos a dhéanamh ar an nDrochshaol. "Lámh le Cluain Meala deirtear go raibh an dream a tháinig slán 'taciturn on the matter!'" Is iomaí cúis a luaitear leis an tabú seo – chuimhne pháirteach an uafáis, náire an phobail faoi na droch-bhearta a rinneadh am an gháthair. Ba mhór an náire in áiteanna an mhin bhuí a ithe, agus ar ndóigh lean síor-aithis na Soupers agus na Cat Breacs.

Tá an-chur síos ar mhuinín na ndaoine as Dia agus ar chúis na tubaiste, dar leo. "Do líon an phláigh ins an tír is an gátar/Le toil an Ard Mhic do cheap gach n-aon". A mhalairt de thuairim a bhí ag Máire Ní Dhroma ón Rinn. "Ní hé Dia a cheap riamh an obair seo/Daoine bochta a chur le fuacht is le fán". "Ba leor sin chun mí-phléisiúr na cléire a tharraingt ar an amhrán", adeir Ó Gráda.

Is maith ann iad na hamhráin atá cnuasaithe i roinn faoi leith ag Ó Gráda. Déantar anailís ghrinn bheacht ar a nábhar. Díol spéise linn gan stocaireacht chun troda a bheith iontu; is mó a cháintear lucht riartha na bPoorhouse agus no cobaigh mhóra ná roinnfeadh a gcuid ar na boicht. "Beidh Guardians múchta le peacaí drúise/A bhí ós cionn súip is ná rionnfeadh é."

Cuirtear aguisín beag maiseach leis an leabhar – cúntas spéisiúil ag Pádraig Ó Snodaigh ar an nGorta san Ealaín Nua-Aimseartha. Braithim an-slacht ar an tri phictiúir dhaite le Muiris Mac Conghail, Pádraic Woods agus Muriel Brandt, cé ná fuil dul thar pictiúir Patrick Collins ar an gclúdach ar a loime is ar a ainnise.

*Donncha Ó Duibhir.*



© Tipperary Historical Journal 1995 08 [p. 86] Donncha Ó Duibhir